2025/209

7.2.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/209 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Feabhra 2025

lena n-aisíoctar caiteachas áirithe arna thabhú ag an Ríocht Aontaithe faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus arna eisiamh ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh roimhe seo

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 680)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 104 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle ([2]), agus go háirithe Airteagail 51 agus 52 de, i gcomhar le hAirteagail 131 agus 138 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste um na Cistí Talmhaíochta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2866 ón gCoimisiún ([3]), rinneadh méid EUR 3 696 542,04 faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) a eisiamh ó mhaoiniú an Aontais mar cheartúchán airgeadais, ar ceartú é a d'eascair as iniúchadh CEB/2023/049/GB.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2851 ón gCoimisiún ([4]), imréitíodh cuntais na Gníomhaireachta Íocaíochta 'an Ghníomhaireacht um Íocaíochtaí Tuaithe' i leith na bliana forghníomhúcháin deireanaí agus a bhaineann le clárthréimhse 2014–2020. Áiríodh sna cuntais sin coigeartú a bhain leis an gceartú airgeadais le haghaidh mhéid EUR 3 696 542,04, a d'eascair as iniúchadh CEB/2023/049/GB.

(3) Rinneadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2866 agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2851 a fhorghníomhú tráth íocaíocht an iarmhéid deiridh in 2024, rud a d'fhág gur baineadh EUR 3 696 542,04 ón íocaíocht deiridh faoi dhó.

(4) Chun éifeacht na hasbhainte dúbailte a chúiteamh, is gá méid EUR 3 696 542,04 a aisíoc leis an Ríocht Aontaithe.

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj.
([2]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 549, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1306/oj.
([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2866 ón gCoimisiún an 13 Samhain 2024 lena n-eisiatar ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh caiteachas áirithe a thabhaíonn an Ríocht Aontaithe faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (IO L, 2024/2866, 15.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2866/oj).
([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2851 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2024 maidir le himréiteach chuntais ghníomhaireachtaí íocaíochta na Ríochta Aontaithe a bhaineann le caiteachas arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) sa bhliain forghníomhúcháin dheireanach de chlárthréimhse 2014–2020 (16 Deireadh Fómhair 2022 – 31 Nollaig 2023) (IO L, 2024/2851, 13.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2851/oj).

(5) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1038 ón gCoimisiún [5], imréitíodh cuntais ghníomhaireachtaí íocaíochta na Ríochta Aontaithe maidir le caiteachas arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) le haghaidh na bliana airgeadais 2022. Leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin imréitíodh cuntais na 'Gníomhaireachta um Íocaíochtaí Tuaithe' agus áiríodh méid diúltach EUR 6 667,13 le haghaidh bheart M19 (Tacaíocht le haghaidh forbairt áitiúil de chuid LEADER). Rinneadh an méid sin a eisiamh de thaisme, áfach, ó ríomh an mhéid incháilithe deiridh don bheart.

(6) Dá bhrí sin, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2851, lenar imréitíodh cuntais ghníomhaireachtaí íocaíochta na Ríochta Aontaithe maidir le caiteachas CETFT le linn na bliana forghníomhúcháin deiridh de chlárthréimhse 2014–2020 (an 16 Deireadh Fómhair 2022 – an 31 Nollaig 2023), agus lenar bunaíodh an t-iarmhéid deiridh le haghaidh cláir forbartha tuaithe, gearríocadh an t-iarmhéid deiridh le haghaidh chlár forbartha tuaithe 2014UK06RDRP001 de EUR 6 667,13. Chun an ghearríocaíocht sin a cheartú, is gá EUR 6 667,13 a aisíoc leis an Ríocht Aontaithe.

(7) Tá an Cinneadh seo gan dochar d'aon chonclúid airgeadais a bhféadfaidh an Coimisiún teacht uirthi ó bhreithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcásanna a bhí ar feitheamh an 9 Nollaig 2024,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Aisíocfar leis an Ríocht Aontaithe an méid a leagtar amach san Iarscríbhinn agus a bhaineann le caiteachas arna thabhú ag gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe na Ríochta Aontaithe, arna dhearbhú faoi CETFT agus arna eisiamh ó mhaoiniú an Aontais roimhe seo.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Christophe HANSEN
Comhalta den Choimisiún

[5] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1038 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2023 maidir le himréiteach chuntais ghníomhaireachtaí íocaíochta na Ríochta Aontaithe a bhaineann le caiteachas arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) le haghaidh na bliana airgeadais 2022 (IO L 139, 26.5.2023, lch. 81, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/1038/oj).

Aisíocaíochtaí

CETFT

Mír Bhuiséid: 08030102

Tír	Beart	Bliain airg-eadais	Cúis	Cineál	Ceartúchán %	Airgeadra	Ollmhéid	Asbhaintí	Glanmhéid Cinntithe
GB	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir CCRR	2022	Aisíocaíocht : CETFT CCRR: earráidí aitheanta arna sainaithint ag Banc Ceannais (tástáil shubstainteach)	AON-UAIRE		EUR	7 178,20	0,00	7 178,20
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir CCRR	2022	Aisíocaíocht : CETFT CCRR – an riosca airgeadais is dóchúla os cionn na hábharthachta	AON-UAIRE		EUR	2 068 375,83	0,00	2 068 375,83
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Eolas agus nuálaíocht	2022	Aisíocaíocht : CETFT NEAMH-CCRR: earráid aitheanta arna sainaithint ag Banc Ceannais (tástáil chomhlíontachta)	AON-UAIRE		EUR	805 627,84	0,00	805 627,84
	Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais	2022	Aisíocaíocht : CETFT NEAMH-CCRR: an riosca airgeadais is dóchúla	AON-UAIRE		EUR	768 046,80	0,00	768 046,80
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir CCRR	2022	Aisíocaíocht : Earráidí aitheanta arna sainaithint ag Banc Ceannais (tástáil chomhlíontachta)	AON-UAIRE		EUR	47 313,37	0,00	47 313,37
					Iomlán GB:	**EUR**	**3 696 542,04**	**0,00**	**3 696 542,04**

Airgeadra	Ollmhéid	Asbhaintí	Glanmhéid Cinntithe
EUR	3 696 542,04	0,00	3 696 542,04

EUR	6 667,13	0,00	6 667,13

Aisíocaíocht bhreise dá dtagraítear in aithrisí (5) agus (6) den Chinneadh seo:

Ceartuithe Airgeadais		Glanmhéid Iomlán Cinntithe
IOMLÁN:		**0,00**

Aisíocaíochtaí	Glanmhéid Iomlán Cinntithe
CETFT	**3 696 542,04**
Aisíocaíocht bhreise dá dtagraítear in aithrisí (5) agus (6) den Chinneadh seo:	**6 667,13**
IOMLÁN:	**3 703 209,17**

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/209/oj